



## Bileog eolais C diff (*Clostridioles difficile*) d'othair

### Cad é *Clostridium difficile* – C diff?

Cineál baictéir (fríd) is ea *Clostridium difficile*. Is minic go dtugtar **C diff** air mar ghiorrúchán agus sin é an téarma a úsáidimid sa bhileog seo.

Maireann baictéir C diff sa phutóg in éineacht lena lán baictéar eile. Go hiondúil ní chruthaíonn siad aon fadhbanna do dhaoine sláintiúla. Ach amanna, tagann rófhás ar C diff sa phutóg agus is féidir leis sin buinneach a thosú. Is féidir leis sin tarlú nuair a bhíonn duine ag tógáil antaibheathach. Tarlaíonn sé amanna nuair a bhíonn cúrsa antaibheathach críochnaithe ag duine.

### Conas a fhaighim C diff?

Má bhíonn C diff ag duine sa phutóg, tagann an baictéir amach as an gcorp san fhaecas (cac). Ansin, is féidir leis an mbaictéir greamú do na lámha agus do dhromchlaí freisin – mar shampla, suíocháin leithris, barr an bhoird, leapacha, urláir agus mar sin de. Is féidir leis an mbaictéir maireachtáil ar na dromchlaí sin ar feadh seachtainí. Tá an baictéir i bhfad róbheag le feiceáil, mar sin fiú má bhreathnaíonn rud glan is féidir leis an mbaictéir a bheith fós ann. D'fhéadfá C diff a phiocadh suas i ngan fhios duit féin trí theagmháil le dromchla a bhfuil baictéir air.

Freisin, má theagmhaíonn duine leat agus C diff ar a lámha, is féidir leis scaipeadh chugat. Má fhaigheann tú C diff ar do lámha, is féidir leis dul isteach i do bhéal nuair a itheann tú nó nuair a ólann tú agus ansin tosóidh sé ag fás i do phutóg.

### Cad iad na siomptóim de C diff?

Má thagann rófhás ar an mbaictéir C diff i do phutóg, d'fhéadfá an bhuinneach a fháil. Is minic go mbíonn an bhuinneach uisciúil agus drochbholadh aisti. Lena chois sin, b'fhéidir go bhfaighfeá crampaí i do bholg, go mbeadh teocht ard agat, do bholg tinn agus do ghoile cailte agat.

Ní bhíonn i gceist ach tinneas beag d'fhormhór na ndaoine agus faigheann siad biseach ón C diff gan aon chóireáil. Ach is féidir le cuid de na daoine fáil an-tinn le C diff agus gá a bheith acu le cúrsa fada aimhréiteach cóireála. Tá daoine ann a fhaigheann biseach sciobtha go maith, ach tagann an bhuinneach ar ais nuair a stopann siad an chóireáil. Tá riar beag daoine a fhaigheann buinneach C diff a choinníonn ag teacht ar ais tar éis an chóireáil a stopadh.



## **Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil C diff agam?**

Tá sé tábhacht go n-inseofa don bhall foirne atá ag tabhairt aire duit má fhaigheann tú an bhuinneach, agus féadfar sampla de d'fhaecas (cac) a chur chuig an saotharlann. Tástáilfear an sampla do bhaictéir agus do víris atá in ann a bheith ina gcúis buinní.

Má bhíonn tú san ospidéal nuair fhaigheann tú an bhuinneach, aistreofar tú chuig seomra aonair nó chuig barda speisialta. Beidh leithreas nó cathaoir leithris agat duit féin. Cinntigh, le do thoil, go gcoinneoidh tú do lámha an-ghlan le huisce agus gallúnach tar éis an leithreas nó an chathaoir leithris a úsáid agus freisin roimh do bhéilí. Beidh naprúin agus miotóga ar na baill foirne a bheidh ag tabhairt aire duit agus glanfaidh siad a lámha tar éis cúram a dhéanamh duit. Nuair a shuaimhneoidh an bhuinneach síos d'fhéadfaí iarradh ort aistriú ar ais chuig barda in éineacht le hothair eile.

## **Cén chóireáil a gheobhaidh mé má bhíonn buinneach C diff orm?**

I roinnt cásanna, d'fhéadfadh gur antaibheathaigh áirithe ba chúis leis an mbuinneach C diff. Más é sin an cás, b'fhéidir go mbeadh ort stopadh ag tógáil na n-antaibheathach sin. B'fhéidir go dtabharfaí antaibheathaigh dhifriúla duit chun cóireáil a chur ar an mbaictéir C diff. Tá sé tábhachtach go n-ólfá neart deochanna ionas nach bhfaighidh tú díhiodráitithe mar gheall ar an mbuinneach.

## **An féidir liom cuairteoirí a bheith agam agus mé ionfhabhtaithe ag C diff?**

Is féidir leat cuairteoirí a bheith agat. Má tá na daoine a bheidh ag tabhairt cuairte ort réasúnta sláintiúil, ní bheidh ann ach baol an-bheag go bhfaighidh siad aon tinneas as C diff. Ach i gcás cuairteoirí atá ag tógáil antaibheathach nó atá tinn iad féin, beidh an baol níos mó dóibhsean. Má tá a fhios agat go bhfuil duine ag tógáil antaibheathach, nó má tá siad tinn, b'fhéidir nár mhiste a rá leo gan a theacht ar cuairt nó go mbeidh do bhuinneach suaimhnithe.

Ní mór do na cuairteoirí go léir a lámha a ní go maith le gallúnach agus uisce ag deireadh na cuairte agus gan dul i muinín díghalrán lámh. Cuideoidh sé sin chun stop a chur le C diff ó bheith ag scaipeadh. Lena chois sin, níor cheart go suífeadh do chuireoirí ar do leaba san ospidéal.



## **Cén chaoi a mbeidh a fhios agam nach bhfuil an C diff tógalach a thuilleadh?**

Nuair a bheidh an bhuinneach stoptha ar feadh dhá lá iomlána agus gluaiseacht na putóige (cac) ar ais mar a bhí, tá tú ag fáil bisigh agus baol níos lú ann go bhfuil tú ionfhabhtaíoch. Ach sin ráite, d'fhéadfadh an C diff fanacht i do phutóg tar éis don bhuinneach a bheith stoptha, agus is féidir léi tosú arís níos déanaí. Má thagann an bhuinneach ar ais, inis don dochtúir nó don altra é láithreach. Má bhíonn gá agat le hantaibheathaigh do thinneas eile, abair le do dhochtúir teaghlaigh go raibh ionfhabhtú C diff agat san am atá caite. I do chás féin, agus i gcás gach duine eile, tá sé níos sábháilte gan antaibheathaigh a thógáil mura bhfuil gá agat leo.

## **Cad a tharlóidh nuair a rachaidh mé abhaile?**

Má bhíonn roinnt buinní fós ort nuair a rachaidh tú abhaile, lean ort ag tógáil do chóireála agus ól neart deochanna. Nigh do lámha go maith le gallúnach agus uisce bogthe tar éis dul chuig an leithreas agus bain úsáid as tuáille ar leith. Déan iarracht an leithreas a choinneáil sruthlaithe, agus clár, béal agus hanla an leithris a choinneáil glan. Is iondúil nach mbíonn i gceist ach baol an-íseal ón C diff do bhaill an teaghlaigh agus do chairde má tá siad i ndea-shláinte réasúnach agus gan iad a bheith ag tógáil antaibheathach. Ba chóir do bhaill teaghlaigh agus do chuariteoirí a lámha a ní tar éis dul chuig an leithreas agus sula dtosóidh siad ag ithe. Cuidíonn sé sin chun cosc a chur le scaipeadh C diff. Ar aon nós, moltar do dhaoine i gcónaí a lámha a ní gach uair a úsáideann siad an leithreas.

Tugann lámha glana cosaint duit féin agus do dhaoine eile óna lán ionfhabhtuithe, ní ó C diff amháin.

## **Breis eolais**

Má bhíonn aon cheisteanna agat nó má theastaíonn breis eolais uait faoi C diff, labhair leis an bhfoireann cúram sláinte atá ag tabhairt aire duit. Tá breis eolais faoi shláinteachas lámh, rialú ionfhabhtaithe agus bainistiú tarbhfhridí sa bhaile le fáil ar

[www.hse.ie/infectioncontrol](http://www.hse.ie/infectioncontrol)

**Tá an t-eolas seo faofa le n-úsáid ag clár náisiúnta um Fhrithsheasmhacht in Aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach agus Rialú Ionfhabhtaithe an FSS.**

**Foilsithe: Eanáir 2019**